2024/529

29.2.2024

CINNEADH Ó CHOMHCHOISTE LEE Uimh. 297/2021

an 29 Deireadh Fómhair 2021

lena leasaítear Iarscríbhinn IV (Fuinneamh) a ghabhann le Comhaontú LEE [2024/529]

TÁ COMHCHOISTE LEE,

Ag féachaint don Chomhaontú maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch ('Comhaontú LEE'), agus go háirithe Airteagal 98 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Rialachán (AE) Uimh. 838/2010 ón gCoimisiún an 23 Meán Fómhair 2010 lena leagtar síos treoirlínte maidir leis an sásra um chúiteamh idir oibreoirí córais tarchurtha agus cur chuige rialála comhchoiteann maidir le muirearú tarchurtha ([1]), tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.

(2) Le dlúthchomhar idir oibreoirí córais tarchurtha agus rialtóirí, ba cheart a áirithiú go gcosnaítear go héifeachtach faisnéis íogair, is é sin faisnéis amhail faisnéis mhionsonraithe faoi fhostáisiúin leictreachais, suíomh beacht tarchuir faoi thalamh, faisnéis faoi chórais rialúcháin agus faoi anailís leochaileachta mhionsonraithe ar féidir úsáid a bhaint aisti chun críoch na sabaitéireachta.

(3) Tá Rialachán (AE) Uimh. 774/2010 ón gCoimisiún ([2]) imithe in éag san Aontas, agus dá réir sin, ba cheart é a aisghairm faoi Chomhaontú LEE.

(4) Dá bhrí sin, ba cheart Iarscríbhinn IV a ghabhann le Comhaontú LEE a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Cuirfear an méid seo a leanas in ionad théacs phointe 40 (Rialachán (AE) Uimh. 774/2010 ón gCoimisiún):

'**32010 R 0838**: Rialachán (AE) Uimh. 838/2010 ón gCoimisiún an 23 Meán Fómhair 2010 maidir le treoirlínte a leagan síos a bhaineann leis an sásra um chúiteamh idir oibreoirí córais tarchurtha agus cur chuige rialála coiteann maidir le muirearú tarchurtha (IO L 250, 24.9.2010, lch. 5).

Chun críocha an Chomhaontaithe seo, tá forálacha an Rialacháin oiriúnaithe mar a leanas:

(a) Cuirfear an méid seo a leanas isteach i bpointí 4.1 go 4.3 de Chuid A den Iarscríbhinn:

'D'fhéadfadh comhaontuithe idir oibreoirí córais tarchurtha a áirithiú go gcosnaítear go héifeachtach faisnéis íogair agus d'fhéadfaidís a bheith ina gcuidiú chun a áirithiú go gcuirtear isteach gan mhoill an fhaisnéis uile is gá chun an sásra um chúiteamh idir oibreoirí córais tarchurtha a chur chun feidhme.'

(b) Cuirfear an méid seo a leanas in ionad na chéad abairte de phointe 3 de Chuid B den Iarscríbhinn:

'Beidh luach na meánmhuirear tarchurtha bliantúil a íocann táirgeoirí laistigh de raon idir 0 agus 0,5 EUR/MWh, seachas iad siúd a bhfuil feidhm acu sa Danmhairg, sa tSualainn, san Fhionlainn, san Iorua, san Íoslainn, sa Rómáin, in Éirinn, sa Bhreatain Mhór agus i dTuaisceart Éireann.'

(c) Cuirfear an méid seo a leanas in ionad an dara abairt de phointe 3 de Chuid B den Iarscríbhinn:

'Beidh luach na meánmhuirear tarchurtha bliantúil a íocann táirgeoirí sa Danmhairg, sa tSualainn, san Fhionlainn, san Iorua, san Íoslainn laistigh de raon idir 0 agus 1,2 EUR/MWh."

([1]) IO L 250, 24.9.2010, lch. 5.
([2]) IO L 233, 3.9.2010, lch. 1.

Airteagal 2

Is téacs barántúil a bheidh i dtéacs Rialachán (AE) Uimh. 838/2010 san Íoslainnis agus san Ioruais, téacs atá le foilsiú i bhForlíonadh LEE d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Airteagal 3

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an 30 Deireadh Fómhair 2021, ar choinníoll go mbeidh na fógraí uile de réir Airteagal 103(1) de Chomhaontú LEE tugtha *.

Airteagal 4

Foilseofar an Cinneadh seo i Roinn LEE, agus i bhForlíonadh LEE, d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 29 Deireadh Fómhair 2021.

Thar ceann Chomhchoiste LEE
An tUachtarán
Rolf Einar FIFE

* Ní shonraítear aon cheanglas bunreachtúil.